IONSTRAIMÍ REACHTÚLA.

I.R. Uimh. 449 de 2009

AN tORDÚ UM ACHT NA dTITHE (FORÁLACHA ILGHNÉITHEACHA) 2009 (TOSACH FEIDHME) 2009

(Prn. A9/1640)

I.R. Uimh. 449 de 2009

AN tORDÚ UM ACHT NA dTITHE (FORÁLACHA ILGHNÉITHEACHA) 2009 (TOSACH FEIDHME) 2009

I bhfeidhmiú na gcumhachtaí a thugtar dom le halt 1(4) d'Acht na dTithe (Forálacha Ilghnéitheacha) 2009 (Uimh. 22 de 2009) agus leis an Ordú Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil (Feidhmeanna Aire a Tharmligean) (Uimh. 2) 2009 (I.R. Uimh. 407 de 2009), ordaímse, MICHEÁL Ó FINNTHIGHEARN, Aire Stáit ag an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil, leis seo mar a leanas:

1. An tOrdú um Acht na dTithe (Forálacha Ilghnéitheacha) 2009 (Tosach Feidhme) 2009 is teideal don Ordú seo.

2. Ceaptar an 1ú lá de Nollaig 2009 mar an lá a dtiocfaidh na forálacha seo a leanas d'Acht na dTithe (Forálacha Ilghnéitheacha) 2009 (Uimh. 22 de 2009) i ngníomh:

(a) ailt 1, 2, 3, 4, 5 agus 6;

(b) alt 7 agus Sceideal 1, a mhéid a bhfuil feidhm acu maidir le haisghairm fho-alt (2) d'alt 56 d'Acht na dTithe 1966 (Uimh. 21 de 1966) agus alt 15 d'Acht na dTithe 1988 (Uimh. 28 de 1988);

(c) alt 8 agus Sceideal 2, a mhéid a bhfuil feidhm acu maidir leis na leasuithe atá leagtha amach—

(i) i gCuid 1 den Sceideal sin maidir leis an méid seo a leanas—

(I) alt 90, agus

(II) fo-alt (7) d'alt 107,

d'Acht na dTithe 1966 (Uimh. 21 de 1966),

(ii) i gCuid 2 den Sceideal sin, maidir le fo-alt (3) d'alt 10 den Acht um Ghníomhaireacht Airgeadais do Thithe 1981 (Uimh. 37 de 1981),

(iii) i gCuid 3 den Sceideal sin, maidir le halt 13 d'Acht na dTithe 1988 (Uimh. 28 de 1988),

(iv) i gCuid 4 den Sceideal sin, maidir leis an méid seo a leanas—

(I) fo-alt (1) d'alt 1,

(II) alt 18,

Foilsíodh fógra in "Iris Oifigiúil" an 20 Samhain, 2009, á rá go ndearnadh an Ionstraim Reachtúil seo.

(III) cur isteach ailt 18A agus 18B, agus

(IV) alt 34,

d'Acht na dTithe (Forálacha Ilghnéitheacha) 1992 (Uimh. 18 de 1992), agus

(v) i gCuid 5 den Sceideal sin, maidir leis an méid seo a leanas—

(I) fo-alt (1) d'alt 1 (seachas i ndáil leis an míniú ar "tionónta"), agus

(II) alt 15,

d'Acht na dTithe (Forálacha Ilghnéitheacha) 1997 (Uimh. 21 de 1997);

(d) ailt 9, 10, 11, 12 agus 13; agus

(e) alt 35.

ARNA THABHAIRT faoi mo láimh,
an 18 Samhain 2009.

MICHEÁL Ó FINNTHIGHEARN,
Aire Stáit ag an Roinn Comhshaoil,
Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil.

NÓTA MÍNIÚCHÁIN

(Ní cuid den Ionstraim an nóta seo ná ní ceart a mheas gur míniú dlíthiúil uirthi é.)

Leis an Ordú seo, déantar na forálacha seo a leanas d'Acht na dTithe (Forálacha Ilghnéitheacha) 2009 (Uimh. 22 de 2009) a thabhairt i ngníomh ar an 1 Nollaig 2009, eadhon:

- an chuid is mó de Chuid 1 (Réamhráiteach agus Ginearálta),
- Caibidil 1 ar fad (Seirbhísí Tithíochta) de Chuid 2, agus
- alt 35 (straitéis maidir le hiompar frithshóisialta).

I measc na bhforálacha atá á dtionscnamh i gCuid 1, áirítear cumhachtaí a thabhairt don Aire chun ordacháin bheartais agus treoirlínte a eisiúint chuig údaráis tithíochta. I measc na leasuithe iarmhartacha atá á dtionscnamh, áirítear leathnú a dhéanamh ar an míniú ar "iompar frithshóisialta" in Acht na dTithe (Foralacha Ilghnéitheacha) 1997 agus leasuithe ar Acht na dTithe (Forálacha Ilghnéitheacha) 1992, lena ndéantar foráil maidir le fógraí feabhsúcháin agus toirmiscthe a eisiúint chuig tiarnaí talún cóiríochta príobháidí ar cíos i leith sáruithe ar rialacháin um chaighdeáin agus cionta maidir le mainneachtain fógraí den sórt sin a chomhlíonadh.

BAILE ÁTHA CLIATH
ARNA FHOILSIÚ AG OIFIG AN tSOLÁTHAIR
Le ceannach díreach ón
OIFIG DHÍOLTA FOILSEACHÁN RIALTAIS,
TEACH SUN ALLIANCE, SRÁID THEACH LAIGHEAN, BAILE ÁTHA CLIATH 2,
nó tríd an bpost ó
FOILSEACHÁIN RIALTAIS, AN RANNÓG POST-TRÁCHTA,
AONAD 20 PÁIRC MIONDÍOLA COIS LOCHA, CLÁR CHLAINNE MHUIRIS,
CONTAE MHAIGH EO,
(Teil: 01 - 6476834 nó 1890 213434; Fax: 094 - 9378964 nó 01 - 6476843)
nó trí aon díoltóir leabhar.

DUBLIN
PUBLISHED BY THE STATIONERY OFFICE
To be purchased directly from the
GOVERNMENT PUBLICATIONS SALE OFFICE
SUN ALLIANCE HOUSE, MOLES WORTH STREET, DUBLIN 2,
or by mail order from
GOVERNMENT PUBLICATIONS, POSTAL TRADE SECTION,
UNIT 20 LAKESIDE RETAIL PARK, CLAREMORRIS, CO. MAYO,
(Tel: 01 - 6476834 or 1890 213434; Fax: 094 - 9378964 or 01 - 6476843)
or through any bookseller.

€2.54

ISBN 978-1-4064-492[illegible]

9 781406 449211

Wt. (B27223). 345. 11/09. Cahill. Gr. 30-15.